Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2021
(OR. en)

8253/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0230(NLE)**

WTO 117
AGRI 194
UD 128
UK 128

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10640/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i ndáil le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV AE de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- Glacadh |

1. An 9 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartaithe Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

[1] 10639/20 + ADD 1.
[2] 10640/20 + ADD 1.

2. An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air in 10643/20, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

3. Síníodh an Comhaontú le Ríocht na hIorua an 17 Nollaig 2020.

4. An 26 Aibreán 2021, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

5. Chuathas i gcomhairle i scríbhinn leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe), agus d'fhormhuinigh sé an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích, de réir mar a bheidh tugtha chun críche ag na saineolaithe dlítheangeolaíocha agus mar a leagtar amach in 10643/20 é, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo; agus

   – a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le Airteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

[3] 10642/20 (foilsithe in IO L 343, 16.10.2020, lch. 22).
[4] 10644/20.